Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Dréachtadh an polasaí seo tar éis dul i gcomhar le múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus an Bord Bainistíochta. Tá sé bunaithe ar na moltaí atá leagtha amach ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais maidir le alt 23 den *Acht Oideachais(Leas) 2000.*

Tá tacaíocht agus comhoibriú tuismitheoirí riachtanach má tá an polasaí le bheith éifeachtach.

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí féinsmacht a fhorbairt i ngach páiste trí dhea-iompar a spreagadh. Aithnítear sa chód an ceart atá ag an uile pháiste chun oideachas a fháil i dtimpeallacht atá réasúnta saor ó iompar toirmeascach. Is mó a leagann na múinteoirí béim ar luachanna saothair ná ar ghníomhartha smachta mar go gcreideann siad go mbainfidh an cur chuige seo na torthaí is fearr amach i ndeireadh báire.

Beidh an Cód Iompair múinte do na scoláirí sa rang.

Aidhmeanna;

Is mian leis an scoil na haidhmeanna a leanas a bhaint amach:

- Ligtear don scoil feidhmiú ar bhealach ordúil, socair ina mbíonn atmaisféar dearfach cairdiúil ann
- Cruthaítear atmaisféar ina mbíonn meas agus cineáltas i leith daoine eile, óg agus aosta
- Spreagtar iompar dearfach agus féin-smacht i measc na bpáistí chun gur féidir aitheantas a thabhairt do dhifríochtaí sóisialta, fisiciúla, acadúla agus creidimh.
- Cinntítear sábháilteacht agus leas na mball go léir de phobal na scoile
- Cuidítear le tuismitheoirí agus daltaí na córais agus nósanna imeachta atá mar chuid den Chód Iompair a thuiscint agus iarrtar a gcomhoibriú agus na beartais sin á gcur i ngníomh
- Cinntítear go gcuirtear an córas rialacha, gradam agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom, leanúnach

Rialacha na Scoile:

1. Meas: Bíonn meas againn do gach duine inár scoil agus taobh amuigh.
2. Gaeilge- Is í an Ghaeilge an teanga a usáidtear i gcónaí le chéile.
3. Eagraithe agus Réidh- bímid eagraithe agus réidh don foghlaim gach lá, agus gach rud linn.

4. Atmaisféar Foghlama- cruthaímid atmaisféar dearfach dúinn uilig ionas gur féidir linn foghlaim mhaith.
5. Sábháilteacht- iompraímid i mbealach sábhailte timpeall na scoile i gcónaí.

Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Na Naoináin

Maidir le Córas smachta na Naíonáin, múintear na rialacha dóibh. Tá dréimire le feiceáil in sna seomraí. Tosaíonn na páistí ar fad san áit céanna gach lá. Má tá dea iompar a thaispeáint, cuirfidh an múinteoir ranga páiste suas an dréimire. Má éiríonn leo barr an dréimire a shroicheadh, gheobhaidh siad duais (Nóta dearfach/greamaitheoir srl.) Díríonn an córas seo ar atreisiú dearfach

Foghlaim ó dhisciplín (D.F.L. – Discipline for learning)
Córas Uile Scoile- Rang 1-6

Cuirtear béim faoi leith ar iompar mhaith sa chóras seo. Is amhlaidh is fearr breith ar na páistí ag déanamh an rud ceart seachas na páistí a bhriseann na rialacha. Leis an gcóras seo, tuigeann an páiste go mbeidh pionós don drochiompar agus go ndéanfar atreisiú ar an dea-iompar.

Discipline for Learning (DFL) is a system of POSITIVE discipline where the emphasis is on recognising and affirming the children in class who behave well. It is a matter of 'catching the children being good' rather than spotting the 'bad behaviour'. The children know the rules and know that if they keep them they will be recognised and rewarded and equally that if they don't they will be sanctioned.

Tá 3 chomh chuid sa chóras DFL:

- *Rialacha*
- *Luachsaothar (cártaí sna dialann)*
- *Smachtbhannaí*

Rialacha (le foghlaim agus bheith le feiceáil tríd na scoile)

1. **Meas**: Bíonn meas againn gach duine inár scoil agus taobh amuigh.
2. **Gaeilge**- Is í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i gcónaí le chéile.
3. **Ullamh agus Réidh**- bímid ullamh agus réidh don fhoghlaim gach lá, agus bíonn gach rud linn.
4. **Atmaisféar Foghlama**- cruthaímid atmaisféar dearfach dúinn uilig ionas gur féidir linn foghlaim.

5. **Sábháilteacht**- iompraímid sinn féin i mbealach sábháilte timpeall na scoile i gcónaí.

Luachsaothair

1. Cártaí sna dialann: 4 sheachtain gan chéim – Pas obair bhaile
2. Duaiseanna speisialta tuilte agus crannchur

Smachtbhannaí (Taifead déanta ar an dréimire ranga)

*(Rabhadh ó bhéal.)***

1. *Ainm ar an dréimire*
2. *Bord Múinte (15 nóim)*
3. *30 nóim i rang eile*
4. *Comhrá le Fionnuala/ Eimear agus litir abhaile*
5. *Comhrá in oifig an phríomhoide, ainm sa leabhar dubh*
6. *Glaofar ar na tuistí.*
7. *Glaofar isteach na tuistí go dtí an oifig le haghaidh cruinniú*
8. *Fionraí*
9. *Caithfear an páiste amach as an scoil.*

Is féidir páiste a chur go céim níos airde más drochiompar dáiríre atá i gceist:

Na heisceachtaí ná:

- *Foréigean*
- *Béarla- dhá chéim ar aghaidh*
- *Bulaíocht*
- *Ciníochas*
- *Homafóibe*
- *Úsáid a bhaint as fón póca*

Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Gach Aoine tógfaidh an ceannaire pictiúr den dréimire mar thaifead, agus cuirtear an t-eolas seo ar an gcóras.

Bíonn tús nua ag daltaí gach Luan.

Beidh na rialacha soiléir do na páistí, agus tuigeann siad má bhristear iad go bhfuil pionós i gceist agus má leantar iad beidh moladh ag teacht le stampa.

Gach rang (1-6) á dhéanamh, níl aon eisceachtaí.

Beidh póstaer de na rialacha i ngach rang agus ar na ballaí tríd an scoil.

Beidh dréimire ag gach rang ar a scríobhtar na céimeanna.

Beidh uimhir chuí in aice leis an riail atá briste.

Beidh na rialacha luaite go minic sa rang, chomh maith le bheith briste síos ag tús na scoilbhliana nua.

Beidh stampa/emoji ar fáil ag daltaí gach seachtain, muna mbristear riail. (Drop everything and Read)

Beidh duais do mhéid áirithe aghaidheanna sásta.

Gach Aoine rachaidh na múinteoirí atá i gceannas chuig na ranganna le moladh, teastais agus taifead a dhéanamh ar na dréimirí dá nótaí.(2 mhúinteoir i gceannas Fionnuala & Eimear)

Beidh na daltaí le teastais luaite ar bhalla na gradam.

Beidh tagairt déanta chuig an córas seo ag an tionóil (ranga) go dearfach, chun moladh a thabhairt gach seachtain. Labhraítear leis na daltaí nach bhfuil ag éirí leo go príobháideach san oifig nó sa rang ní go poiblí. Moladh amháin ag an tionóil.

Fionraí:

Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Fionraí: * Féach Aguisín 7 Is gá do scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 a shonrú ina gcód iompair, na nósanna imeachta le leanúint má chuirtear mac léinn ar fionraí nó má dhíbrítear an mac léinn ón scoil.
Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh:

- Cineál & tromchúis an iompair
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An é an rogha is feiliúnaí don mhac léinn é a chur ar fionraí nó nach é.
- Tionchar féideartha na fionraí de ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fhionraí agus míneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag eirí leis an idirghabháil sin.

Má chuirtear páiste ar fionraí leanfaidh an scoil na céimeanna seo a leanas:

- Déanfaidh an Scoil a ndícheall cothrom na féinne a thabhairt chuig gach ball sa phróiseas seo.
- Beidh na céimeanna seo sa phróiseas:
    - Déanfar fiosrúchán neamhchlaonta chun na sonraí a bhailiú.
    - Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas i bhfoirm scríbhinn, go pearsanta nó le glaoch faoin eachtra.
    - Beidh deis ag na tuismitheoirí an fionraí a phlé leis an príomhoide. (Ach amháin i gcásanna fionraí láithreach)

- Is féidir leis an bpríomhoide fionraí láithreach a thabhairt do pháiste má shileann siad go bhfuil an iompar tromchúiseach go leor

- Má sheasann an fionraí tabharfaidh an Príomhoide fógra na fionraí i scríbhinn chuig tuismitheoirí an Mhic Léinn.

- Sa litir beidh na rudaí seo a leanas:
    - Tréimhse na fionraí
    - Fáthanna na fionraí
    - Clár Staidéir ar bith le leanúint
    - Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt.
    - Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta, don CG más iomchuí, ceart achomhairc d'Ard Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

- Nó le cásanna níos lú ná trí lá má bhíonn achomharc i gceist caithfidh an scoláire an fionraí a dhéanamh. Má faightear i bhfabhar an scoláire beidh an fionraí glanta ó thaifid an scoláire.

- Is féidir páiste a chur ar fionraí ar feadh suas le trí lá scoile an chéad uair agus suas le deich lá scoile ina dhiaidh sin.

Díbirt:

Díbrítear mac léinn ón scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh.

Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an tÚdarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le haghaidh Díbeartha:

- Ba chóir don scoil gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil próisis soiléire in áit le díbirt a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is cuí:
  - Cruinniú le tuismitheoirí agus leis an mac léinn le hiarrachtaí a éascú le hiompar do-ghlactha an pháiste a fheabhsú.
  - Chinntiú go dtuigeann an mac léinn céard a tharlóidh má leanann a (h)iompar ar aghaidh.
  - A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
  - Comhairle a lorg ó na háisíneachtaí seo a leanas: (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, TUSLA, An tSeirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta

Ba cheart mac léinn a dhíbirt sna cúinsí seo a leanas, m.sh:

- Go mbíonn tionchar tromchúiseach díobhálach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile.
- Go bhfuil fíor bhagairt shuntasach ann do do shláinte agus do shábháilteacht na mac léinn nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an mac léinn sa scoil.
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin nó as ábhar a ghoid arís agus arís eile.

Is ionann na cúiseanna le haghaidh díbeartha agus na cúiseanna le haghaidh fionraí. An difríocht is mó atá eatarthu ná go bhfuil na húdaráis scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le athrú ar iompar an mhic léinn a bhaint amach.

Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Díbirt láithreach: Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbirt ón scoil láithreach i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn eile nó baill foirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhír
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

.

Cúis imní a léiriú:
Má bhíonn cúis imní le léiriú ag tuismitheoir faoi aon eachtra ní fholáir don tuismitheoir ach an eolas a thabhairt chuig an múinteoir ranga nó don príomhoide.

Glacadh leis an bPolasaí:
Beidh ar thuismitheoir amháin cóip den gcóras iompair a léamh agus a shíniú roimh don páiste nua áit a ghlacadh sa scoil. Má bhíonn aon athraithe chuirfear in iúl iad do na tuismitheoirí iad.

Is iad na tuismitheoirí atá freagrach as iompar a bpáistí nuair a thagann siad ar scoil.
Cabhraíonn dearcadh agus tacaíocht tuismitheoirí i leith na scoile agus i leith na múinteoirí go mór le hiompar na bpáistí. Déanfaidh an fhoireann a chinntiú gur áit oscailte, fáilteach í an scoil do thuismitheoirí ionas nach mbeadh aon drogall orthu teacht chun cainte le foireann na scoile. Tá cumarsáid an-oscailte ag foireann na scoile agus tuismitheoirí na scoile. Má bhíonn cúis imní maidir le h-iompar páistí déantar teagmháil le tuismitheoirí.

Páistí le Riachtanais Breise
I gcásanna faoi leith, ní bhaineann na smachtbhannaí atá leagtha amach sa pholasaí seo le páistí le riachtanais breise. Bíonn córas smachta aonaracha ag na páistí, atá cláraithe ina IEP.

Rólanna & Freagrachtaí:

- Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta le cinntiú go bhfuil an polasaí á gcur i bhfeidhm sa scoil.
- Tá ról lárnach ag an bhfoireann sa scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo le tacaíocht ó na tuismitheoirí agus na mic léinn.
- Déanfaidh an Príomhoide, príomhoide Tánaisteach agus príomhoide Cúnta comhordnú agus monatóireacht ar an gcód le tacaíocht ón bhfoireann.
- Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na daltaí agus tuismitheoirí i gcur i bhfeidhm an chóid.

Gaelscoil Chluain Dolcáin
Polasaí Iompair / *Discipline Policy*

Dáta Cur i bhFeidhm: Eanáir 2026

Clár Ama don athbhreithniú: Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo i Mí Meán-Fómhair 2028, agus leasófar gnéithe éagsúla, mar is gá.

Daingniú & Cumarsáid: Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí seo ar an 08/12/25. Cuireadh cóip den pholasaí ar shuíomh Gréasáin na scoil.

Sínithe:

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Dáta 08/12/25

Sínithe:
(Príomhoide)

Dáta: 08/12/25